Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**16070/22**
**ADD 3**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0417(COD)**

**PHARM 191**
**SAN 663**
**MI 949**
**COMPET 1040**
**CODEC 2028**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Nollaig 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 721 final - Annex 3 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le táillí agus muirir is iníoctha leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach, lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 297/95 ón gComhairle agus Rialachán (AE) 658/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 721 final - Annex 3.

---

Faoi iamh: COM(2022) 721 final - Annex 3

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.12.2022
COM(2022) 721 final

ANNEX 3

**IARSCRÍBHINN**

***a ghabhann leis an***

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le táillí agus muirir is iníoctha leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach, lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 297/95 ón gComhairle agus Rialachán (AE) 658/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

{SEC(2022) 440 final} - {SWD(2022) 413 final} - {SWD(2022) 414 final} - {SWD(2022) 415 final}

## IARSCRÍBHINN III
## Táillí bliantúla agus luach saothair

**1. Táille bhliantúil le haghaidh táirgí íocshláinte lena n- úsáid ag an duine a údaraítear i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 726/2004**

1.1. Beidh feidhm ag táille bhliantúil EUR 48 900 maidir le gach údarú margaíochta le haghaidh táirge íocshláinte lena úsáid ag an duine a údaraítear ar bhonn iarratas a chuirtear isteach faoi Airteagal 10(1) agus (3) agus Airteagal 10c de Threoir 2001/83/CE. Beidh an luach saothair cothrom le EUR 6 400 le haghaidh an rapóirtéara agus le EUR 5 600 le haghaidh an chomhrapóirtéara.

1.2. Beidh feidhm ag táille bhliantúil EUR 95 600 maidir le gach údarú margaíochta le haghaidh táirge íocshláinte lena úsáid ag an duine a údaraítear ar bhonn iarratas a chuirtear isteach faoi Airteagal 10(4) de Threoir 2001/83/CE. Beidh an luach saothair cothrom le EUR 12 900 le haghaidh an rapóirtéara agus le EUR 11 400 le haghaidh an chomhrapóirtéara.

1.3. Beidh feidhm ag táille bhliantúil EUR 188 000 maidir le gach údarú margaíochta le haghaidh táirge íocshláinte lena úsáid ag an duine nach gcumhdaítear le pointe 1.1 ná 1.2. Beidh an luach saothair cothrom le EUR 25 700 le haghaidh an rapóirtéara agus le EUR 22 700 le haghaidh an chomhrapóirtéara.

**2. Táille bhliantúil le haghaidh táirgí íocshláinte tréidliachta a údaraítear tríd an nós imeachta láraithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/6**

2.1. Beidh feidhm ag táille bhliantúil EUR 21 500 maidir le gach údarú margaíochta le haghaidh táirge íocshláinte tréidliachta a údaraítear de bhun Airteagal 18, 19 nó 21 de Rialachán (AE) 2019/6. Beidh an luach saothair cothrom le EUR 5 000 le haghaidh an rapóirtéara agus le EUR 4 600 le haghaidh an chomhrapóirtéara.

2.2. Beidh feidhm ag táille bhliantúil EUR 87 500 maidir le gach údarú margaíochta nach gcumhdaítear le pointe 2.1. Beidh an luach saothair cothrom le EUR 20 400 le haghaidh an rapóirtéara agus le EUR 18 800 le haghaidh an chomhrapóirtéara.

**3. Táille faireachais chógas bhliantúil le haghaidh táirgí íocshláinte lena n- úsáid ag an duine a údaraítear i gcomhréir le Treoir 2001/83/CE agus le haghaidh táirgí íocshláinte tréidliachta arna n- údarú ag údaráis inniúla na mBallstát i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/6**

3.1. Le haghaidh táirgí íocshláinte lena n- úsáid ag an duine a údaraítear i gcomhréir le Treoir 2001/83/CE, beidh feidhm ag táille EUR 190 in aghaidh an aonaid is inmhuirearaithe ó thaobh an duine uair sa bhliain le haghaidh ghníomhaíochtaí faireachais cógas na Gníomhaireachta lena n- áirítear anailís ar shonraí sláinte uile- Aontais chun tacú le cinnteoireacht níos fearr agus fíorfhianaise ann. Coinneoidh an Ghníomhaireacht an t- ioncam táillí ón táille faireachais cógas bhliantúil.

3.2. Le haghaidh táirgí íocshláinte tréidliachta arna n- údarú ag údaráis inniúla na mBallstát i gcomhréir le Caibidil III, Ranna 2 go 5 de Rialachán (AE) 2019/6, beidh feidhm ag táille EUR 80 de réir an aonaid is inmhuirearaithe ó thaobh tréidliachta uair sa bhliain le haghaidh ghníomhaíochtaí faireachais chógas na Gníomhaireachta. Coinneoidh an Ghníomhaireacht an t- ioncam táillí ón táille faireachais cógas bhliantúil.

3.3. Déanfaidh an Ghníomhaireacht an méid iomlán is iníoctha de na táillí bliantúla dá dtagraítear i bpointí 3.1 agus 3.2 le haghaidh gach sealbhóra údaraithe margaíochta a ríomh ar bhonn an lín aonad is inmhuirearaithe ó thaobh an duine agus an lín aonaid is inmhuirearaithe ó thaobh tréidliachta, faoi seach, a chomhfhreagraíonn don fhaisnéis a thaifeadtar an 1 Iúil gach bliain.

3.4. Beidh na táillí bliantúla dá dtagraítear i bpointí 3.1 agus 3.2 dlite an 1 Iúil gach bliain agus cumhdófar leo an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig den bhliain féilire sin.